CEACHT 34

SPÓRT COIS FARRAIGE

Pictiúr: Radharc:

Daidí, Mamaí, Máire, Úna agus Seán cois farraige, Daidí agus Seán ag imirt peile ar an trá, Máire agus Úna ag déanamh caisleán sa ghaineamh, Mamaí ag ullmhú na picnice; an ghrian sa spéir, Daidí agus a lámh lena chlár éadain aige, ansin é féin agus na páistí gléasta le dul ag snámh, le cur sa chiorcal cainte de réir bhrí na cainte. Úna ag lapadáil, Mamaí ag glaoch ar Dhaidí agus na páistí, iad go léir ina suí ag caitheamh na picnice.

CÉIM 1. CLOISTEÁIL AGUS AITHINT

Cuntas Reatha

Bhí an chlann cois farraige lá. Thosaigh Daidí agus Seán ag imirt peile ar an trá. Rinne na cailíní caisleáin sa ghaineamh. D'ullmhaigh Mamaí picnic.

Agallamh

DAIDÍ: Tá sé an-te. Rachaimid ag snámh.
MAMAÍ: Ná bígí rófhada. Tá an phicnic beagnach réidh agam.
MÁIRE: Ó! tá an t-uisce an-fhuar.
SEÁN: Is cuma liomsa. Cuir ort do chulaith snámha agus tar liom.

Cuntas Reatha

Bhí an-spórt acu san uisce. Ní raibh snámh ag Úna ach bhí sí ag lapadáil. Tar éis tamaill ghlaoigh Mamaí orthu. Bhí béile breá acu ansin.

CÉIM 2. AITHRIS

CÉIM 3. ATHRÁ Ó SPREAGTHAIGH

(a) Spreagthaigh shúl (mar atá i gCéim 1);
(b) Spreagthaigh chluas:

Bhí an chlann ag na pictiúir?
Céard (Cad) a rinne Daidí agus Seán?
Rinne na cailíní rud éigin?
Agus Mamaí?

Céard atá le rá agatsa faoin aimsir, a "Dhaidí"?
Cad a dhéanfaidh sibh?
Tá rud éigin le rá agatsa, a "Mhamaí"? Cén fáth?
Cad a deir tú faoin uisce, a "Mháire"?
Cad mar gheall ortsa, a "Sheáin"? Iarr uirthi dul in éineacht leat.